Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2026
(OR. en, es, fr)

7034/1/26
REV 1
PV CONS 13
JAI 299
COMIX 64
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

5 agus 6 Márta 2026

**DÉARDAOIN, AN 5 MÁRTA 2026**

**GNÓTHAÍ BAILE**

**1. Glacadh an chláir oibre** 6670/26

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6670/26.

**2. Formheas na míreanna 'A'**
**(a) Liosta neamhreachtach** 6671/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 6673/26

**Gnóthaí Eachtracha**

**1. Rialachán coimirce déthaobhach Mercosur** ❶C 6466/26 + ADD 1 + ADD 2 REV 1
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 25.2.2026
PE-CONS 56/25
POLCOM

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Bheilg agus an Ostair ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

Tá na ráitis ón gCoimisiún, ón Laitvia agus ón Ungáir leagtha amach san Iarscríbhinn.

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

**2. Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (TTRB)** ❶C 6476/26
*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 25.2.2026
15445/25 + ADD 1
EF

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Eastóin ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | **Treoir maidir le Scéim Ráthaithe Taiscí (TSRT)**<br>*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 25.2.2026 | ❶C | 6477/26<br>15484/25 + ADD 1<br>EF |

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Eastóin ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 53(1) CFAE).

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | **Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (RSRA)**<br>*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 25.2.2026 | ❶C | 6475/26<br>15389/25 + ADD 1<br>EF |

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Eastóin ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

**Talmhaíocht**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | **Rialachán maidir le forfheidhmiú trasteorann rialacha i gcoinne cleachtais éagóracha trádála (CETanna)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 25.2.2026 | ❶C | 6389/26<br>PE-CONS 57/25<br>AGRI |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

**An comhshaol**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6. | **Leasú ar an Dlí Aeráide Eorpach**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 25.2.2026 | ❶C | 6256/26 + ADD 1 REV 1<br>PE-CONS 5/26<br>CLIMA |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus Poblacht na Seice, an Ungáir, an Pholainn agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne agus an Bheilg ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

Tá na ráitis ón bhFrainc, ón Ungáir, ó Mhálta, ón bPolainn, ón bhFionlainn agus ón gCoimisiún leagtha amach san Iarscríbhinn.

**RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')**

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

3. Staid ghinearálta limistéar Schengen

   (a) Baraiméadar Schengen — 6206/26

   (b) Tosaíochtaí thimthriall Chomhairle Schengen a chur chun feidhme: fillteacha deonacha a dhreasú — 6471/26

   *Seisiún tuairimíochta*

4. Cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta: treochlár athbhreithnithe don tréimhse tar éis 2026 — 6446/26

   *Formheas*

**SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE**

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**5. Aon ghnó eile**

   **(a) Tograí reachtacha reatha** — 6312/26

   *Faisnéis ón Uachtaránacht*

   Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse na nGnóthaí Baile.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

6. Gné sheachtrach na himirce[1] [2] — 6273/26

   *Seisiún tuairimíochta*

7. Cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann[1][3] — 6938/26

   *Staid na himeartha*

---

[1] I láthair na dtíortha atá Comhlachaithe le Schengen.
[2] I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha EUAA agus Frontex.
[3] I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha EUAA, eu-LISA agus Frontex.

8. Conclúidí ar Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí — 6433/26
*Formheas*

9. A bhfuil i ndán do Europol — 6276/26
*Seisiún tuairimíochta*

10. Tionchar na timpeallachta geopholaitiúla reatha ar shlándáil inmheánach an Aontais: a bhfuil ag tarlú sa tSiria[14] * — 6295/1/26 REV 1
*Seisiún tuairimíochta*

11. Aon ghnó eile

(a) A bhfuil ag tarlú san Úcráin a mhéid a bhaineann le stádas cosanta sealadaí — 6309/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(b) Clár Oibre an Aontais maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac — 6531/26, 6763/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*

**DÉ hAOINE, AN 6 MÁRTA 2026**

**CEARTAS**

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**12. Rialachán maidir le cosaint daoine fásta** — 6236/26 + COR 1 + ADD 1-3
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le cosaint daoine fásta.

Tá na ráitis ó Phoblacht na Seice agus ón Spáinn, agus an ráiteas comhpháirteach ó Mhálta agus ón bPortaingéil leagtha amach san Iarscríbhinn.

**13. Aon ghnó eile**

**(a) Tograí reachtacha reatha** — 6312/26
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse an cheartais.

---

4 I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha Europol agus Frontex.

* Cur i láthair ó EU INTCEN, atá rúnaicmithe mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

14. Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin: an tsaoirse ó phionós a chomhrac[5] — 6130/26
*Staid na himeartha*

15. Neamhspleáchas na ndlíodóirí san Eoraip: ról an Aontais agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa[6] — 6414/26
*Seisiún tuairimíochta*

16. Conclúidí maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh in 2026 — 6422/26 + ADD 1
*Formheas*
*Seisiún tuairimíochta*[6]

17. Aon ghnó eile

(a) Tionscnamh maidir le Lá Neamhspleáchais na mBreithiúna — 6220/26
*Faisnéis ón bPolainn*

(b) Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Eurojust — 6374/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(c) Tacú le neamhspleáchas na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus leis an smacht reachta[7] — 6761/26
*Faisnéis ón bhFrainc agus ón tSlóivéin*

---

❶ An chéad léamh

✋ Mír shrianta

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

---

5 I láthair na gníomhaireachta Eorpaí Eurojust.
6 I láthair Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA).
7 I láthair beirt bhreithiúna den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 6670/26**

| | |
|---|---|
| **Mír 12 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le cosaint daoine fásta**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

Tacaíonn Poblacht na Seice le cuspóirí an togra le haghaidh Rialachán maidir le Cosaint Daoine Fásta chomh maith le téacs an chur chuige ghinearálta. Measaimid, áfach, gur cheart go mbeadh an téacs comhréitigh deiridh níos uaillmhianaí chun na dúshláin agus na forbairtí atá ann faoi láthair sa chomhar breithiúnach trasteorann a léiriú ar bhealach níos fearr, go háirithe maidir le nuachóiriú, digiteáil agus iomaíochas a fheabhsú.

Sa chomhthéacs sin, is oth le Poblacht na Seice go háirithe gur scriosadh Caibidil VIII maidir le cláir chosanta a bhunú agus a idirnascadh. Measaimid go bhfuil an chaibidil sin go hiomlán comhsheasmhach leis na cuspóirí thuasluaite agus gur uirlis thábhachtach í chun an éifeachtúlacht a fheabhsú agus cosaint trasteorann daoine fásta a neartú.

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó MHÁLTA AGUS ÓN bPORTAINGÉIL**

Athdhearbhaíonn Málta agus an Phortaingéil go dtacaíonn siad leis an togra agus lena chuspóirí, go háirithe neamhspleáchas daoine atá i gcásanna leochaileacha a neartú. Mar sin féin, b'fhearr leo téacs comhréitigh níos uaillmhianaí ina gcuirfí san áireamh go hiomlán na forbairtí a tharla ó tháinig Coinbhinsiún na Háige 2000 i bhfeidhm, go háirithe i ndáil le córais cinnteoireachta tacaithe.

Sa chomhthéacs sin, ba dhíol sásaimh do Mhálta agus don Phortaingéil dá ndéanfaí idirdhealú níos soiléire agus níos sainráite idir ionadaíocht, cosaint agus tacaíocht sa chuid oibríochtúil den téacs, mar aon le tagairt do bhearta pobalbhunaithe eile a fhiosrú sula mbreithneofaí socrúcháin institiúideacha.

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

Tá cuspóir an togra le haghaidh Rialacháin ina chuspóir ag **an Spáinn** freisin, is é sin cóireáil a fheabhsú i staideanna trasteorann lena mbaineann daoine fásta a bhfuil a gcuid cumais phearsanta lagaithe nó neamhdhóthanach.

Mar sin féin, **ní fhéadfaimis tacú leis an gcur chuige ginearálta.** Is oth linn nach bhfuil an téacs uaillmhianach go leor; níor tapaíodh an deis a bhí ann chun feabhas a chur ar an gceart chun neamhspleáchais do dhaoine fásta sna staideanna sin.

Ar an gcéad dul síos, ní chuirtear san áireamh ann a dhóthain na prionsabail atá i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, 2006. Ní thugtar aghaidh go leordhóthanach sa téacs ar an urraim do neamhspleáchas na ndaoine sin, ar an méid is toil agus is mian leo, ná ar scaipeadh na mbeart tacaíochta.

Ar an dara dul síos, dá ndéanfaí coinneáil daoine fásta a rialáil, d’ardófaí saincheisteanna a d’fhágfadh go mbeadh sé deacair an rialáil sin a chur chun feidhme agus a léirmhíniú faoi chuimsiú na deimhnitheachta dlíthiúla. Is amhlaidh an cás i dtaca leis an gcomhroinnt costas atá beartaithe i staideanna trasteorann. Tá tionchar ar leith aige sin ar thíortha ina dtagann líon mór daoine fásta isteach, an Spáinn, mar shampla.

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘A’ a leagtar amach in 6673/26**

| | |
|---|---|
| **Mír 1 ar liosta na míreanna ‘A’:** | **Rialachán coimirce déthaobhach Mercosur**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

San Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia, d’fhógair an Coimisiún a phleananna chun ailíniú níos láidre a shaothrú ar chaighdeáin táirgthe a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí allmhairithe, go háirithe i dtaca le leas ainmhithe agus lotnaidicídí.

Maidir le lotnaidicídí, áirítear san Fhís an prionsabal nár cheart na lotnaidicídí is guaisí a bhfuil toirmeasc orthu san Aontas ar chúiseanna sláinte agus comhshaoil a cheadú ar ais chuig an Aontas trí tháirgí allmhairithe agus, ar an gcaoi sin, é mar aidhm aici a sheachaint go mbeadh feirmeoirí an Aontais agus an earnáil agraibhia faoi mhíbhuntáiste iomaíoch agus í ag freagairt d’ionchais tomhaltóirí san am céanna. Chun an méid sin a chur chun cinn, sheol an Coimisiún staidéar an 25 Samhain 2025 chun measúnú tionchair a ullmhú ina ndéanfar tionchair an chur chuige sin a mheas. I bhfianaise na dtorthaí, agus más iomchuí, molfaidh an Coimisiún leasuithe ar an gcreat dlíthiúil is infheidhme. Tá coinne leis go dtabharfar an réamhstaidéar i gcrích faoi shamhradh 2026, agus go ndéanfar na chéad chéimeanna eile den mheasúnú tionchair ina dhiaidh sin. Cé go gcosnaítear tomhaltóirí cheana féin le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus go gcinntítear léi go gcomhlíonann an bia uile a chuirtear ar an margadh ár n-ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta, tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí ailíniú níos dlúithe a dhéanamh ar na caighdeáin táirgthe a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí allmhairithe, rud a áirithíonn cothrom iomaíochta dár bhfeirmeoirí agus dár dtáirgeoirí agus a choinníonn cosaint tomhaltóirí ar bun.

Idir an dá linn, mhol an Coimisiún faoin togra maidir leis an bPacáiste um Shimpliú Bia agus Sábháilteachta an 16 Nollaig 2025 an reachtaíocht atá ann faoi láthair a leasú chun foráil a dhéanamh, i gcás substaintí nach bhformheastar san Aontas agus a bhfuil airíonna fíorghuaiseacha áirithe iontu, go bhféadfar Uasleibhéil Iarmhair (MRL) a shocrú ag nialas má mheastar gurb iomchuí sin tar éis toradh measúnaithe tionchair a fháil.

Maidir le leas ainmhithe, thug an Coimisiún comhairliúchán poiblí i gcrích an 17 Nollaig 2025 maidir le hathbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe ar an bhfeirm le haghaidh ainmhithe áirithe, lena n-áirítear i dtaobh ar cheart feidhm a bheith ag caighdeáin choibhéiseacha leasa ainmhithe maidir le hallmhairí ainmhithe agus allmhairí táirgí ainmhithe agus a mhéid ba cheart feidhm a bheith acu. Tar éis an mheasúnaithe tionchair, rachaidh an Coimisiún ar aghaidh leis na tograí ábhartha.

Maidir le rialuithe allmhairiúcháin, d'fhógair an Coimisiún an 9 Nollaig 2025 pleananna chun dlús a chur leis na hiniúchtaí a dhéantar go díreach ar an láthair i ngach tríú tír agus feabhas a chur orthu, lena n-áirítear maidir le hallmhairí bia a thagann ó thíortha Mercosur. Cuirfidh an Coimisiún méadú 50 % ar a iniúchtaí a bhaineann le honnmhairiú i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad sa 2 bhliain amach romhainn, ag tosú ón 1 Eanáir 2026. Cuirfidh an Coimisiún dlús freisin leis an bhfaireachán ar thráchtearraí agus ar thíortha neamhchomhlíontacha agus cuirfidh sé minicíocht na seiceálacha in oiriúint dóibh siúd dá réir. Ina theannta sin, neartóidh an Coimisiún leibhéal na rialuithe laistigh den Aontas, is é sin ag na príomhphointí iontrála. I ndáil leis an méid sin, déanfaidh an Coimisiún líon níos airde seiceálacha sna Ballstáit, chun a áirithiú go bhfuil na seiceálacha ag na teorainneacha go hiomlán i gcomhréir le caighdeáin an Aontais, agus tacóidh sé leis na Ballstáit na seiceálacha sin a dhéanamh i gceart. Bunóidh an Coimisiún Tascfhórsa tiomnaithe de chuid an Aontais chun rialuithe allmhairiúcháin a dhéanamh níos éifeachtúla, tascfhórsa a dhíreoidh go háirithe ar iarmhair lotnaidicídí, ar shábháilteacht bia agus beatha agus ar leas ainmhithe agus a fhéachfaidh ar ghníomhaíocht faireacháin chomhordaithe an Aontais a dhéanamh i leith táirgí allmhairithe.

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

Tacaíonn an Laitvia leis an Rialachán lena gcuirtear chun feidhme an clásal coimirce déthaobhach i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur agus i gComhaontú Trádála Eatramhach AE-Mercosur le haghaidh táirgí talmhaíochta. Is díol sásaimh don Laitvia cur i bhfeidhm sealadach tapa an chomhaontaithe idir an tAontas agus Mercosur, ós rud é gur céim thábhachtach é chun leasanna éagsúlaithe trádála an Aontais a neartú.

Mar sin féin, cuireann an Laitvia in iúl nach mór aird a thabhairt ar na hábhair imní a chuir feirmeoirí an Aontais in iúl maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an gcomhaontú idir an tAontas agus Mercosur. Tá sé bunriachtanach a áirithiú go gcuirfear bearta cosanta i bhfeidhm go héifeachtach agus gan mhoill agus go mbeidh ionstraimí iomchuí i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt láithreach d'fheirmeoirí atá ag déileáil le suaitheadh sna margaí talmhaíochta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin más rud é, mar thoradh ar an gcomhaontú, go gcruthaíonn allmhairí ó Mercosur deacrachtaí (mórdhíobháil) do tháirgeoirí talmhaíochta ar fud an Aontais nó laistigh de Bhallstát amháin nó níos mó, lena n-áirítear trí sciar den mhargadh a chailleadh nó trí laghduithe ar ioncam nó ar phraghsanna.

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

I bhfianaise na n-íogaireachtaí suntasacha a bhaineann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas agus Mercosur agus leis an gComhaontú Trádála Eatramhach, measann an Ungáir gur gá nósanna imeachta a leagan síos chun cur chun feidhme tráthúil agus éifeachtach na mbeart coimirce le haghaidh táirgí talmhaíochta a ráthú. Mar sin féin, leis an togra ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme an clásal coimirce déthaobhach sa Chomhaontú idir an tAontas agus Mercosur, ní thugtar cosaint leordhóthanach do na Ballstáit bheaga, lena n-áirítear an Ungáir.

Ní áirítear sa rialachán atá beartaithe an fhéidearthacht aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh sa mhargadh ar an leibhéal réigiúnach, ós rud é nach ndéanfaidh an Coimisiún scrúdú ar mhórdhíobháil nó ar bhagairt mhórdhíobhála ach ar leibhéal an Aontais amháin. Cruthaíonn sé sin staid nach mbeidh Ballstáit a bhfuil margaí beaga acu, lena n-áirítear an Ungáir, in ann a gcearta a fhorfheidhmiú faoin rialachán.

Leis an gclásal coimirce déthaobhach a áirítear sa Chomhaontú idir an tAontas agus Mercosur agus sa rialachán atá beartaithe, ní thugtar cosaint leordhóthanach ann féin ar allmhairí níos saoire a thagann ó thíortha Mercosur, agus dá bhrí sin tá gá le ráthaíochtaí breise.

Rinne an Ungáir tograí éagsúla chun éifeachtacht an rialacháin a fheabhsú, ach níor cuireadh na tograí sin san áireamh.

Ós rud é nach dtugtar aghaidh sa rialachán atá beartaithe ar ár n-ábhair imní i ndáil leis an gComhaontú idir an tAontas agus Mercosur agus nach dtugtar cosaint leordhóthanach dár n-earnáil talmhaíochta, ní féidir leis an Ungáir tacú le glacadh an rialacháin gan mhodhnuithe.

| | |
|---|---|
| **Mír 6 ar liosta na míreanna 'A':** | **Leasú ar an Dlí Aeráide Eorpach**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC**

Tacaíonn an Fhrainc leis an gcomhaontú sealadach ar thángthas air sa chruinniú tríthaobhach an 10 Nollaig 2025 maidir leis an athbhreithniú a rinneadh ar an Dlí Aeráide Eorpach, ina léirítear tosaíochtaí na Fraince maidir le huaillmhian aeráide agus iomaíochas na hEorpa agus atá i gcomhréir go hiomlán leis an gcomhaontú ar tháinig na hairí comhshaoil air sa Chomhairle an 5 Samhain 2025.

Is díol sásaimh di an oiread sin dul chun cinn a bheith déanta ó thaobh bheartas aeráide na hEorpa de.

Mar sin féin, ba mhaith leis an bhFrainc aird a tharraingt ar ghné amháin a bhaineann leis an gCóras Trádála Astaíochtaí (CTA). I ndáil leis sin, athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé, mar a luadh cheana le linn na caibidlíochta le míonna beaga anuas, sláine agus éifeachtacht CTA a chosaint trí úsáid creidmheasanna idirnáisiúnta a eisiamh i gcás comhlíonadh sa chóras trádála. Dá bhrí sin, d'fháilteofaí roimh aon soiléiriú ina leith sin.

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

Ní féidir leis an Ungáir tacú leis an sprioc laghdú 90 % a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí, agus ní féidir linn, dá bhrí sin, tacú le glacadh na reachtaíochta. Níl an leibhéal uaillmhéine sin comhoiriúnach leis an gcuspóir iomaíochas agus athléimneacht eacnamaíoch na hEorpa a neartú. In uireasa dálaí réalaíocha éifeachtacha cumasúcháin, tá an-bhaol go deo ann go ndéanfaidh cuideachtaí Eorpacha a dtáirgeadh agus a n-astaíochtaí a athlonnú lasmuigh den Aontas, rud a fhágfaidh go mbeimid thíos leis an díthionsclú agus le caillteanais post agus go méadóidh ár spleáchas ar ghníomhaithe seachtracha, agus, ag an am céanna, go mbainfear an bonn dá bhfuil á dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú.

Níl measúnú tionchair nuashonraithe mar bhonn taca leis an togra, measúnú a léireodh na mór-imeachtaí geopholaitiúla agus eacnamaíocha a thit amach le déanaí. Níor cuireadh anailís ar bith ar leibhéal na mBallstát i láthair, mar sin ní fios na tionchair éagsúla ar na Ballstáit fós. Is amhlaidh a bhí, dá bhrí sin, nuair a glacadh an pacáiste 'Oiriúnach do 55' - mar sin, ní mór geilleagar na hEorpa a chur in oiriúint do na bearta aeráide, agus ní hé a mhalairt.

Cé go dtacaímid le huaillmhianacht i leith na haeráide, iarraimid gur ar bhealach réalaíoch réasúnta a thabharfaí faoi agus ba chiallmhaire, dar linn, dá dtosófaí ó spriocleibhéal níos ísle, a léireodh cúrsaí eacnamaíochta mar atá siad i ndáiríre. Léirítear freisin, leis an méid atá bainte amach againn, a thiomanta atáimid don uaillmhianacht – d'éirigh leis an Ungáir laghdú 48 % ar ghlanastaíochtaí i gcomparáid le 1990 a bhaint amach cheana féin, rud atá go mór os cionn mheán an Aontais. Níl dul chun cinn inchomparáide déanta ag roinnt Ballstát, ar a shon sin, rud a tharraingíonn amhras ar an gcaoi a bhféadfaí an sprioc chomhchoiteann a bhaint amach ar bhealach cóir cothrom. Is fúinn uile cúram a dhéanamh dár gcuid saoránach. Ar an dóigh sin, iarraimid nár cheart na Ballstáit sin a tharraing aird na Comhairle, de dhroim a gcuid vótaí, ar a dhodhéanta is atá sé an sprioc 90 % a bhaint amach, nár cheart iadsan a bheith faoi dhliteanas nuair a theipfidh, i ndeireadh na dála, ar sprioc 2040 an Aontais. Ba cheart an t-aitheantas cuí a thabhairt, sa chreat atá beartaithe, don mhéid a baineadh amach luath sa phróiseas.

Thairis sin, i bhfianaise na mór-éiginnteachtaí in earnáil LULUCF agus i bhfianaise ráta glactha na n-aistrithe teicneolaíochta carbóin, ní iomchuí é gur ar bhonn toimhdí faoi linnte a bhunófaí sprioc cheangailteach maidir le glanlaghdú astaíochtaí.

Cé go dtugaimid ar aire feabhsuithe áirithe ar an téacs comhréitigh, go háirithe maidir leis an gclásal athbhreithniúcháin/athbhreithnithe, ní leor, áfach, na hathruithe sin. Tá go leor ceisteanna gan réiteach i gcónaí maidir le modheolaíocht, cur chun feidhme agus stóinseacht an chreata.

Ina theannta sin, meastar go gcuirfidh bearta ar nós CTA2 an staid in olcas mar a bhfágfaidh sé gur mó an costas a chuirfear ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí beaga, gur baol go mbeidh frithfhreagairt shóisialta ann agus gur lú a thacóidh an pobal leis an mbeartas aeráide, fad is nach mbeidh laghduithe suntasacha ar astaíochtaí ann dá dhroim. Cé go bhfuil lúcháir orainn gur cuireadh tabhairt isteach CTA2 siar bliain amháin, ní laghdaítear na tionchair dhiúltacha shuntasacha a bhíonn aige ar ár dteaghlaigh ná ár ngnólachtaí beaga. Bheadh gá le tuilleadh coigeartuithe a dhéanamh ar an athbhreithniú ar CTA atá ar na bacáin.

Ar deireadh, is oth linn gur faoi bhrú mór ama a rinneadh an chaibidlíocht maidir le comhad a bhfuil buntábhacht leis, agus nach iomchuí sin i gcás cinneadh a bhfuil an oiread sin de thábhacht straitéiseach fhadtéarmach ag roinnt leis. Tá cur chuige cothrom, fianaise-bhunaithe agus inchreidte de dhíth más uainn go mbeadh creat 2040 réalaíoch, inghlactha go sóisialta agus comhsheasmhach le cuspóirí iomaíochais na hEorpa.

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

Tá Málta diongbháilte i gcónaí tacú le comhspriocanna aeráide an Aontais. Mar sin féin, ní mór dúinn a bheith réalaíoch faoinár gcomhthéacs geografach uathúil agus ár dtúsphointe astaíochtaí atá íseal cheana féin agus an Dlí Aeráide Eorpach á chur chun feidhme.

Áitíonn Málta gur cheart idirdhealú a dhéanamh sa Dlí Aeráide idir réaltachtaí sonracha a bhaineann le Ballstáit Oileánacha chun a áirithiú go beidh na spriocanna aeráide amach anseo cothrom, comhréireach agus comhsheasmhach le tiomantas an Aontais d’Aistriú Cóir.

Mar náisiún oileánach beag, ní dúshlán sealadach é an stádas sin ach is dála struchtúrach buan é a rialaíonn ár gcumas dícharbónú a dhéanamh agus dá thoradh is minic a tharlaíonn sé go mbímid ar luas éagsúil le mór-roinn na hEorpa.

Chun a áirithiú go mbainfear na cuspóirí sin amach, ní mór aon chreat tar éis 2030 a bheith bunaithe ar mheasúnuithe tionchair láidre áitiúla ar leibhéal na mBallstát lena n-aithnítear na túsphointí difreáilte sin. Gan cur chuige calabraithe lena n-urramaítear sainiúlachtaí náisiúnta, go háirithe spleáchas Mhálta ar eitlíocht agus loingseoireacht, ar de chineál idirnáisiúnta iad a n-astaíochtaí den chuid is mó ach a mbraitear na costais agus na brúnna comhlíontachta a eascraíonn astu ar bhonn intíre, tá an baol ann go scarfar leithdháileadh iarrachta ó fhíoracmhainneacht laghdaithe. Chruthódh an dícheangal sin ualach nach mbeadh costéifeachtach ná cothrom.

Is díol sásaimh do Mhálta an bhéim a leagtar sa Dlí Aeráide ar sholúbthacht agus ní mór di fónamh mar cholún oibríochtúil chreat 2040 seachas díreach mar choincheap teoiriciúil amháin. I gcás stáit oileánacha bheaga, is í an tsolúbthacht an nasc atá de dhíth idir ard-uaillmhian agus indéantacht phraiticiúil. Ní mór bealach inchreidte a bheith ann lena mbainistítear forluí idir ionstraimí rialála go héifeachtach chun nach mbeidh ualach carnach ar na príomhearnálacha céanna.

Ar deireadh, éilítear le ranníocaíocht chóir go mbeadh rochtain chothrom ar chistiú. Is minic gur ar mhaithe le bonneagar ar mórscála iad na hionstraimí airgeadais atá ag an Aontas faoi láthair agus go bhfágtar margaí beaga agus tionscadail ar mionscála faoi mhíbhuntáiste struchtúrach dá thoradh. Iarrann Málta sásraí airgeadais saincheaptha a mbeidh rochtain iarbhír ag geilleagair na n-oileán beag orthu, chun go mbeidh infheistíocht a oireann dár méid mar thaca lenár n-aistriú.

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

Is díol sásaimh don Pholainn na gnéithe a cuireadh leis an Dlí Aeráide Eorpach le linn na caibidlíochta arna hiarraidh sin dúinn. Cuireadh go leor tograí Polannacha san áireamh i dtéacs deiridh an Dlí Aeráide Eorpaigh, rud a chiallaíonn nach mbeidh an t-ualach céanna i gceist don gheilleagar leis an sprioc a leagfar amach do 2040. Go háirithe, is díol sásamh dúinn an méid seo a leanas:

- **cur siar seoladh CTA2**, ionstraim gan ghá, dar linn, i gcás Ballstáit ar nós na Polainne, a bhfuil dícharbónú éifeachtach á dhéanamh acu cheana féin ar na hearnálacha foirgneamh agus iompar trí bheartais náisiúnta atá saincheaptha do na dúshláin agus na dálaí áitiúla. Cuirtear an t-am breise, arna chomhlánú le scaoileadh níos luaithe na gcistí ón gCiste Aeráide Sóisialta, i gcomhréir le cur chuige cruthaithe na Polainne, lena gcuirtear laghduithe ar astaíochtaí chun cinn ar bhealach atá inghlactha go sóisialta, bunaithe ar dhreasachtaí seachas ar phionóis ar an leibhéal náisiúnta.

- **tabhairt isteach clásal athbhreithniúcháin láidir**, lena ndéantar nasc soiléir idir leibhéal na huaillmhéine aeráide agus cás thionscal na hEorpa, an tslándáil fuinnimh, agus an timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa.
- **an fhéidearthacht suas le 10 % de na fritháirimh idirnáisiúnta a úsáid** chun sprioc 2040 an Aontais a bhaint amach, ar ionstraim thábhachtach solúbthachta costais í, go háirithe d'earnálacha tionsclaíocha traidisiúnta a bhfuil costais arda le híoc acu i dtaca le CTA. Is díol sásaimh don Pholainn an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na fritháirimh sin a úsáid faoi CTA AE.
- **an fógra maidir le hualaí aeráide a laghdú le haghaidh an tionscail cosanta straitéisigh**, arb é is aidhm dó a acmhainneachtaí táirgeachta a choimeád ar bhealach costéifeachtach sna cúinsí an-éiginnte geopholaitiúla atá ann faoi láthair agus bagairt dhíreach ann ón Rúis.

Ag an am céanna, cuireann an Pholainn i dtreis nár baineadh amach ár bpríomhéileamh, is é sin leibhéal foriomlán na huaillmhéine a chur in oiriúint d'fhíorchumais gheilleagair an Aontais. Dar linne, ní féidir an sprioc laghdú 90 % a dhéanamh ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2040 san Aontas Eorpach gan an bonn a bhaint go mór d'iomaíochas earnálacha straitéiseacha tionsclaíocha an Aontais, nó deireadh iomlán a chur leo fiú. Tá iarmhairtí aige sin don tslándáil, an fás eacnamaíoch agus an margadh saothair. Ní féidir leis an bPolainn tacú le leibhéal uaillmhéine a dhéanann dochar do gheilleagair na Polainne agus an Aontais araon agus a bhaineann an bonn dár n-iomaíochas ar an leibhéal domhanda.

Leanfaidh an Pholainn de bheith rannpháirteach go gníomhach agus go cuiditheach sna chéad chéimeanna eile den phróiseas cinnteoireachta maidir le creat beartais aeráide an Aontais tar éis 2030, agus í ag obair go dlúth leis na Ballstáit a bhfuil na tosaíochtaí céanna acu léi. Is é an sprioc atá againn i gcónaí a áirithiú go mbeidh an t-aistriú inghlactha go sóisialta agus cothrom, agus iomaíochas, slándáil agus athléimneacht gheilleagar na hEorpa á neartú ar bhealach fóinteach.

**RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN**

Tacaíonn an Fhionlainn leis an gcomhréiteach deiridh maidir leis an leasú ar an dlí aeráide Eorpach. Tá an Fhionlainn go mór i bhfabhar sprioc aeráide idirmheánach 2040 ar leibhéal an Aontais maidir le laghdú 90 % a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí, rud a chuireann cinnteacht infheistíochta fadtéarmaí ar fáil dár ngnólachtaí. Is deis chun nuálaíochta agus chun fás eacnamaíoch é an t-aistriú glan i dtreo sprioc aeráidneodrachta 2050.

Ní mór an sprioc maidir le laghdú 90 % a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí a chur chun feidhme trí chreat reachtach tar éis 2030 a bheidh soiléir, éifeachtach agus costéifeachtúil.

Chuige sin, tá an Fhionlainn den tuairim nár cheart creidmheasanna idirnáisiúnta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras a úsáid chun CTA a chomhlíonadh. Ní mór do CTA AE laghduithe ar astaíochtaí agus cur chun feidhme na réiteach teicniúil lena spreagtar tuilleadh laghduithe ar astaíochtaí, mar shampla linnte teicniúla, a stiúradh san Aontas. D'fhéadfadh an fhéidearthacht creidmheasanna faoi Airteagal 6 a úsáid le haghaidh CTA AE a chomhlíonadh bac a chur ar na spriocanna sin a bheith á mbaint amach.

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

Meabhraíonn an Coimisiún go n-áirítear leis an gceart tionscnaimh a thugtar dó faoi na Conarthaí an ceart cinneadh a dhéanamh i dtaobh togra reachtach a thíolacadh nó gan é a thíolacadh agus, de réir mar a bheidh, ábhar, cuspóir, inneachar agus amlíne an togra sin agus/nó na gníomhaíochta gaolmhaire sin a chinneadh. Ní mór a thuiscint, dá bhrí sin, go bhfuil forálacha an Rialacháin ina n-iarrtar ar an gCoimisiún tograí a ullmhú gan dochar do cheart tionscnaimh an Choimisiúin faoi na Conarthaí.